



An Bhruiséil, 28 Samhain 2023
(OR. en)

15957/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0165(COD)**

**TRANS 533
MAR 157
OMI 84
CODEC 2262
IA 325
ILO 14**

TUARASCÁIL

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	15164/23
Uimh. an doic. ón gCoim.:	10126/23 + ADD 1
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt – <i>Cur chuige ginearálta</i>

I. RÉAMHRÁ

1. An 1 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
2. Baineann an togra le leasú ar Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt a chur chun feidhme¹.

¹ IO L 131, 28.5.2009, lch. 57.

3. Le Treoir 2009/16/CE rialaítear, ar leibhéal an Aontais, cigireachtaí um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt. Is é atá i gceist le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt (RSC) córas cigireachta ar longa coigríche i gcalafoirt stát seachas an stát brataí a dhéanann oifigigh RSC lena fhíorú go gcomhlíonann inniúlacht an mháistir, na n-oifigeach agus an chriú ar bord, bail na loinge, agus a trealamh ceanglais na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta - agus san Aontas Eorpach, dlí an Aontais is infheidhme. Dá réir sin, tá RSC tábhachtach chun an tsábháilteacht mhuirí a áirithiú agus chun an mhuirthimpeallacht a chosaint.
4. Is iad na cuspóirí sonracha seo a leanas cuspóirí an athbhreithnithe ar an Treoir:
- reachtaíocht an Aontais a thabhairt cothrom le dáta agus a ailíniú le rialacha agus nósanna imeachta idirnáisiúnta, arna leagan síos ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) nó ag Meabhrán Tuisceana Pháras maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt;
 - soithí iascaireachta, a gcriú agus an comhshaol a chosaint. Ní áirítear soithí iascaireachta níos mó ná 24 mhéadar ar fad i raon feidhme an rialaithe Stáit an chalafoirt. Ba cheart córas deonach rialaithe don chineál sin soithigh an leibhéal comhlíonta a ardú maidir leis na caighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta agus cosanta comhshaoil is infheidhme maidir leis na soithí sin;
 - a áirithiú go nglacfar níos mó le réitigh dhigiteacha. Spreagtar leis, go háirithe, deimhnithe reachtúla leictreonacha a ghlacadh agus a úsáid trína n-úsáid a nascadh leis an bpróifil riosca long a úsáidtear chun díriú ar longa agus longa a ndéanfar cigireacht orthu a roghnú; agus
 - cur chuige éifeachtúil agus comhchuibhithe a áirithiú maidir le cigireachtaí RSC a dhéanamh. Áirítear leis sin spriocdhíriú ar bhealach níos fearr ar shoithí a ndéanfar cigireacht orthu trí ghnéithe próifile riosca na loinge atá as dáta a athstruchtúrú agus trí chomhpháirteanna nua a chur léi.
5. Ghlac an Coimisiún an togra i gcomhthéacs a Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála, mar obair leantach láithreach ar Sheiceáil Oiriúnachta Muiriompair¹, a rinneadh in 2018.

¹ 9128/18 + ADD 1

6. Tá an togra bunaithe ar thorthaí measúnaithe tionchair¹ a raibh staidéar tacaíochta seachtrach mar bhonn leis. Rinneadh an measúnú tionchair a chur i láthair agus a scrúdú go mion ag cruinniú amháin den mheitheal, agus níor chuir sé mórímní ar na toscaireachtaí.

II. SCRÚDÚ ARNA DHÉANAMH AG NA HINSTITIÚIDÍ EILE

7. An 13 Iúil 2023, cheap Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) Vera Tax (S&D, an Ísiltír) mar rapóirtéir. Chuir an rapóirtéir Tax a dréacht-tuarascáil síos an 19 Meán Fómhair agus tá sé á bheartú faoi láthair go mbeidh vóta ag an gCoiste TRAN maidir leis an togra seo an 7 Nollaig.
8. An 20 Meán Fómhair 2023, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra². An 23 Meitheamh 2023, chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

III. STAD NA HIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

9. Phléigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra ar dtús i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus ag roinnt cruinnithe eile a bhí acu ina dhiaidh sin. Chuir na toscaireachtaí go léir in iúl go dtacaíonn siad go ginearálta le cuspóirí an togra ón gCoimisiún, d'fhonn an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí a chosaint.
10. Ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Samhain, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe go dtacaíonn sé leis an gcomhréiteach is déanaí agus mhol sé don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta ag cruinniú na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 4 Nollaig 2023.
11. Tugadh isteach roinnt athruithe ar an togra ón gCoimisiún. Is é is aidhm do go leor de na hathruithe sin soiléireacht a áirithiú chomh maith le comhleanúnachas le rialacha agus nósanna imeachta idirnáisiúnta, go háirithe leis na rialacha agus nósanna imeachta atá i Meabhrán Comhthuisceana Pháras maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt. Tá athruithe eile nach beag le sonrú ann freisin, mar a leagtar amach thíos.

¹ 10126/23 ADD 2 + ADD 3.

² 13381/23

12. Ar an gcéad dul síos, chuir na Ballstáit in aghaidh an togra ón gCoimisiún i dtaca leis an dá chritéar nua a áireamh sa mhodheolaíocht chun an rátáil riosca maidir le longa a ríomh (ar uirlis é chun cigireachtaí um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt a stiúradh chuig longa ar mó an dóchúlacht go mbeidh easnaimh iontu). Baineann an chéad cheann de na critéir sin le Táscaire Déine Carbóin na loinge (CII). Chuir na Ballstáit in iúl go mbraitheann an táscaire sin ní hamháin ar riocht teicniúil na loinge, ach ina theannta sin ar pharaiméadair oibríochtúla (mar shampla luas na loinge), chomh maith le himthosca seachtracha (patrúin trádála, dálaí aimsire, an t-am a chaitear i gcalafort etc.), rud a chiallaíonn nach cinnte gur táscaire lena léirítear drochfheidhmíocht nó neamhchomhlíonadh é agus nár cheart, dá bhrí sin, é a chur san áireamh agus próifíl riosca na loinge á ríomh.
13. Baineann an dara critéar le hinfhaighteacht deimhnithe leictreonacha. Chuir na Ballstáit i dtreis gur gné riaracháin é sin nach bhfuil faoi smacht na loinge, ós rud é gur ar Stát na brataí a thiteann sé a chinneadh cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear ríomhdheimhnithe. Ar an gcúis sin, ní táscaire iad deimhnithe leictreonacha a léiríonn riocht na loinge ná cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sí ionstraimí éigeantacha IMO agus an Aontais agus níor cheart iad a chur san áireamh, ach oiread, agus próifíl riosca na loinge á ríomh.
14. Ar an dara dul síos, mhol an Coimisiún, in Airteagal 3, córas deonach rialaithe a thabhairt isteach le haghaidh soithí móra iascaireachta ar mó ná 24 mhéadar a bhfad, soithigh a eisiadh go dtí seo ó raon feidhme na Treorach. D'aontaigh na Ballstáit leis an gcur chuige sin, toisc go bhféadfadh sé leibhéal comhlíontachta na soithí sin a mhéadú. Mar sin féin, ós rud é go mbeidh an córas deonach, measann na Ballstáit nár cheart na módúlachtaí a bhaineann le córas chomh sonrach sin maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt le haghaidh soithí iascaireachta a bhunú i ngníomhartha cur chun feidhme, ach trí threoirilínte arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhar le Meabhrán Comhthuisceana Pháras.
15. Ar an tríú dul síos, rinneadh roinnt athruithe chun níos mó solúbthachta a thabhairt d'údaráis um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt. In Airteagal 14(4), mhol an Coimisiún gur cheart do bheirt oifigeach um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt (ORSC), ar a laghad, cigireachtaí leathnaithe a dhéanamh. Mar sin féin, braitheann líon na gcigirí a theastaíonn ar roinnt tosca agus i roinnt mhaith cásanna bheadh ualach trom neamhriachtanach ag baint leis. Measann na Ballstáit gur cheart do na húdaráis um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt an tsolúbthacht a choinneáil go n-eagróidís féin a gcuid oibre i ndáil leis sin. Ar an gcaoi chéanna, measadh gur ceanglas ródhocht é an ceanglas gur ORSC nach raibh mar chuid den fhoireann a rinne an chigireacht a bhailíochtódh tuarascáil chigireachta i gcónaí; Rinneadh Airteagal 24(3) a leasú chun níos mó solúbthachta a cheadú.

16. Ar an gceathrú dul síos, chun an cás a sheachaint ina gcuirfí ualach riaracháin díréireach ar Bhallstáit thalamhiata nach bhfuil aon chalafort acu agus atá in ann a fhíorú, i dtaca leis an líon iomlán soithí aonair a thug cuairt ar a gcuid calafort abhann gach bliain le linn na tréimhse 3 bliana roimhe sin, gur lú ná 5 % den líon iomlán sin ar longa iad a thagann faoin Treoir, féadfaidh na Ballstáit sin maolú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach (Airteagal 2 agus Aithris 20b). Chiallódh sé sin, fad a chomhlíonfaí na coinníollacha sin, nach mbeadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sin an Treoir a thrasú.
17. Ar deireadh, cuirfí síneadh 4 bliana leis an spriocdháta le haghaidh trasú a mhol an Coimisiún (bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí).
18. Ag an gcéim seo den nós imeachta, tá forchoimeádas nós imeachta á choinneáil ag an gCoimisiún maidir le gach leasú ar a thogra.

IV. CONCLÚIDÍ

19. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle teacht ar *chur chuige ginearálta* maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt, ar bhonn an chomhréitigh a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach i dTreoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ rialacha maidir leis an gcóras le haghaidh cigireachtaí um rialú arna dhéanamh ag stáit an chalafoirt, lena ndéantar cigireacht ar longa incháilithe a thagann isteach i gcalafoirt an Aontais lena fhíorú an gcomhlíonann inniúlacht an chriú ar bord agus bail na loinge agus a trealaimh ceanglais na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta um shábháilteacht anama ar muir, um chosaint na muirthimpeallachta agus um dhálaí maireachtála agus oibre ar longa faoi gach bratach.

⁵ IO C , , lch. .

⁶ IO C , , lch. .

⁷ IO L 131, 28.5.2009, lch. 57.

- (2) Tá Treoir 2009/16/CE bunaithe ar an gcomhaontú deonach atá ann cheana faoi Mheabhrán Comhthuisceana Pháras maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt agus ar na coincheapa um ualach comhroinnte cigireachta, spriocdhírú riosca-bhunaithe ar longa ar a ndéanfar cigireachtaí, cigireachtaí comhchuibhithe agus comhroinnt thorthaí na gcigireachtaí.
- (3) Ó tháinig Treoir 2009/16/CE i bhfeidhm, tá athruithe tagtha ar an timpeallacht rialála idirnáisiúnta (go háirithe i Meabhrán Comhthuisceana Pháras agus san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) agus ar fhorbairtí teicneolaíochta. Ba cheart na hathruithe sin chomh maith leis an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Threoir 2009/16/CE a chur san áireamh.
- (4) Tá roinnt coinbhinsiún idirnáisiúnta i bhfeidhm agus tá siad daingnithe ag na Ballstáit ó bhí 2011 ann. Is iad sin an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long (Coinbhinsiún BWM) agus Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Nairobi maidir le hÁrthaí Raice a Bhaint (Coinbhinsiún Nairobi). Dá bhrí sin, ba cheart iad a chur san áireamh i liosta na gCoinbhinsiún a chumhdaítear le Treoir 2009/16/CE, ionas gur féidir iad a fhorfheidhmiú mar chuid den chóras um rialú arna dhéanamh ag stáit an chalafoirt.
- (5) Chun córas um rialú arna dhéanamh ag stáit an chalafoirt atá cothrom le dáta agus comhchuibhithe a éascú, ní mór go mbeidh bealach níos tapúla ann chun liosta na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta arna bhforfheidhmiú le rialú arna dhéanamh ag stáit an chalafoirt a thabhairt cothrom le dáta gan gá leis an Treoir iomlán a leasú. Dá bhrí sin, a luaithe a thiocfaidh Coinbhinsiún idirnáisiúnta i bhfeidhm – rud a chiallaíonn go bhfuil leibhéal comhaontaithe daingniúcháin bainte amach aige - agus i ndiaidh do chomhaltaí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras é a ghlacadh mar ionstraim ábhartha, ba cheart don Choimisiún liosta na gCoinbhinsiún sa Treoir a thabhairt cothrom le dáta.
- (6) Mar gheall ar a méid bheag, oibríonn formhór na soithí iascaireachta san Aontas in uisceí teorann, agus dá bharr sin d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí cigireacht orthu i gcalafoirt eachtracha. Ciallaíonn sé sin go ginearálta, nach dócha go n-oibreodh ach soithí iascaireachta 24 méadar ar fad agus níos mó, agus fad á bhreithniú mar a shainmhínítear é i gComhaontú Cape Town 2012, (arb iad freisin na soithí iascaireachta is mó atá faoi réir coinbhinsiúin idirnáisiúnta) in uisceí idirnáisiúnta agus gurb iadsan amháin a thabharfadh cuairt ar chalafoirt seachas na cinn sa tír ina bhfuil siad cláraithe agus dá bhrí sin a bheith faoi réir PSC. Ós rud é go bhfuil formhór na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta is infheidhme maidir le soithí iascaireachta móra difriúil leis na cinn atá á bhforfheidhmiú faoi láthair trí rialú arna dhéanamh ag stáit an chalafoirt agus chun éifeachtaí iarmhartacha neamh-inmhianaithe ar an gcóras um rialú arna dhéanamh ag stáit an chalafoirt atá ann faoi láthair a sheachaint, tá córas comhthreomhar um rialú arna dhéanamh ag stáit an chalafoirt maidir le soithí iascaireachta á mholadh.

- (7) Mar gheall ar na patrúin iascaireachta, áfach, ní thugann na soithí iascaireachta móra seo cuairt ar gach Ballstát. Dá bhrí sin, tá córas deonach á mholadh do na Ballstáit sin ar mian leo na cigireachtaí sin a dhéanamh agus atá comhthreomhar leis an gcóras um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt atá ann faoi láthair agus ar leithligh uaidh chun solúbthacht a éascú sa dóigh a fhorbraítear caighdeáin i rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit, Meabhrán Tuisceana Pháras agus an Coimisiún an córas um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt soithí iascaireachta atá 24 mhéadar ar fad agus níos mó a fhorbairt go nádúrtha gan iad a ionchorprú i gcomhaontú reatha Mheabhrán Tuisceana Pháras. Ba cheart modúl ar leith don bhunachar sonraí cigireachta atá ann cheana a fhorbairt chuige sin.
- (8) Leis an sásra um chion cothrom, soláthraítear cionroinnt an ualaigh cigireachta i measc Bhallstáit Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Cionroinntear líon áirithe cigireachtaí ar gach Ballstát – a ghealltanais cigireachta nó ‘sciar cothrom’ - a chaithfear a dhéanamh gach bliain. Déantar incháilitheacht le haghaidh cigireachta a chinneadh go príomha de réir próifíl riosca na loinge (SRP) lena mbunaítear na heatraimh idir cigireachtaí agus a raon feidhme. Féadfar cigireacht a dhéanamh ar longa Thosaíocht II agus ní mór cigireacht a dhéanamh ar shoithí Thosaíocht I.
- (9) Tá cead ag na Ballstáit gan líon áirithe cigireachtaí ‘Tosaíochta’ a dhéanamh agus fós a ngealltanais cigireachta a chomhlíonadh. I gcás roinnt Ballstát, áfach, d’fhéadfadh líon na gcuaireanna loinge a dhéantar i ndáiríre le linn bliain ar leith a bheith níos mó ná an gealltanais cigireachta cionroinnte nó níos lú ná an gealltanais sin. Fuarthas go raibh modh malartach maidir le comhlíonadh na hoibleagáide um sciar cothrom do na Ballstáit sin (ró-ualaithe nó tearc-ualaithe) dolúbtha, agus dá bhrí sin is gá na forálacha lena mbaineann a ailíniú le forálacha athbhreithnithe Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.
- (10) Tá cead ag na Ballstáit freisin cigireachtaí ar longa a chur siar faoi chúinsí áirithe, ar choinníoll go ndéanfar cigireacht ar an soitheach sa chéad chalafort chuarda eile nó laistigh de 15 lá agus go ndéanfar an fhéidearthacht sin a mhionathrú ionas gur féidir leis na Ballstáit uile leas a bhaint as. Ceanglaítear ar chatagóirí áirithe soithí a mheastar go bhfuil riosca níos airde ag baint leo agus atá incháilithe, dá bhrí sin, i leith cigireacht mhéadaithe fógra a thabhairt faoina n-am teachta measta chuig calafort 72 uair an chloig sula dtiocfaidh siad. I ndiaidh roinnt blianta, áfach, thángthas ar an gconclúid go raibh an oibleagáid sin róthrom ar oibreoirí agus nach raibh aon luach breise ag baint léi mar go bhfuil an fhaisnéis atá de dhíth ar na húdaráis náisiúnta ar fáil níos éasca cheana féin i mbunachar sonraí THETIS. Ar an mbonn sin, chuir Meabhrán Comhthuisceana Pháras deireadh leis an oibleagáid fógra réamhtheachta a thabhairt agus dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2009/16/CE a ailíniú dá réir sin.

- (10a) I ngnáth-imthosca, níl sé éigeantach cigireacht a dhéanamh ar longa faoi Thosaíocht II cé gur féidir cigireacht a dhéanamh ar longa faoi Thosaíocht II. Mar sin féin, i gcás na mBallstát sin nach bhfaighidh go leor cuairteanna loinge atá incháilithe le haghaidh cigireachtaí chun a ngealltanas bliantúil a chomhlíonadh, ní mór cigireacht a dhéanamh ar na longa faoi Thosaíocht II sin chun a ngealltanas cigireachta bliantúil a bhaint amach. Ós rud é go n-éiríonn na cigireachtaí sin éigeantach, *de facto*, do na stáit sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le níos mó solúbthachta le haghaidh cigireachtaí ar longa faoi Thosaíocht II, go háirithe i gcás na stát sin. Dá bhrí sin, cuirtear an cur siar agus an bonn cirt ar fáil i gcás na stát a luadh roimhe seo. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a seacht ndícheall a dhéanamh, faoi chuimsiú Mheabhrán Tuisceana Pháras, na bearta agus na leasuithe is gá a mholadh chun an cuspóir sin a shoiléiriú agus a chomhlíonadh, gan dochar do na bearta teicniúla a dhéanamh chun an bunachar sonraí cigireachta atá ann cheana a choigeartú maidir le cur siar.
- (11) Le 10 mbliana anuas agus in ainneoin méaduithe ar líon na soithí a thugann cuairt ar chalafoirt an Aontais, lena n-áirítear iompar loingseoireachta gearrthuais earraí idir príomhchalafoirt i mBallstáit an Aontais agus calafoirt atá lonnaithe san Eoraip gheografach nó i dtíortha neamh-Eorpacha ar an Meánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, tá feabhas tagtha ar phróifíl sábháilteachta na soithí a thugann cuairt ar [...]chalafoirt an Aontais. Tá cigireachtaí um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt á n-úsáid níos mó agus níos mó chun reachtaíocht um chomhshaoil a fhorfheidhmiú, mar shampla i ndáil le hastaíochtaí sulfair nó i ndáil le longa a bhriseadh go sábháilte agus ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil. Mar sin féin, bhí tosaíochtaí difriúla ag baint le próifíl riosca loinge a ceapadh roimh 2009 agus ní cuireadh in oiriúint go hiomlán fós iad chun an iarracht chigireachta a dhíriú ar na soithí is lú feidhmíocht ó thaobh an chomhshaoil de.
- (12) Ar an mbonn sin, ba cheart próifíl riosca na loinge a thabhairt cothrom le dáta chun saincheisteanna comhshaoil a léiriú trí níos mó tábhachta a thabhairt don fheidhmíocht chomhshaoil.
- (12a) Ghlac Meabhrán Comhthuisceana Pháras modheolaíocht nua in 2019, lenar bunaíodh liostaí d'fheidhmíocht ard, caighdeánach agus íseal, mar mhalairt ar liosta bán, liath agus dubh na stát brataí. Ba cheart aire ar leith a thabhairt i dtaca leis an Rialachán Cur Chun Feidhme dá dtagraítear in Airteagal 10 maidir le próifíl riosca loinge lena mbunaítear catagóiriú na stát brataí. Ba cheart an mhodheolaíocht sin a chur chun feidhme sa Treoir seo chun a cothroime a áirithiú, go háirithe maidir leis an gcaoi a gcaitheann sí le stáit bhrataí le cabhlaigh bheaga.

- (12b) Ós rud é go dteastaíonn am ó oifigigh um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt chun cigireachtaí a ullmhú agus a dhéanamh, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil dóthain ama ar fáil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás cigireachtaí méadaithe agus freisin i gcás cigireachtaí ar longa paisinéirí róró atá i seirbhís go rialta i gcás ina bhféadfar oibriú an tsoithigh a mheas.
- (13) Tá an digiteáil ina ghné thábhachtach den dul chun cinn teicneolaíoch i réimse an bhailithe agus na cumarsáide sonraí d'fhonn cabhrú le costais a laghdú agus le húsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna. Tá méadú ag teacht ar líon na long ar a n-iompraítear deimhnithe leictreonacha faoi láthair agus meastar go dtiocfaidh méadú eile ar an líon sin. Dá bhrí sin, ba cheart éifeachtacht an rialaithe arna dhéanamh ag stát an chalafoirt a fheabhsú trí níos mó úsáide a bhaint as deimhnithe leictreonacha chun cigireachtaí a dhírítear ar longa a bheidh níos ullmhaithe a éascú.
- (14) Tá méadú ag teacht ar chastacht an rialaithe arna dhéanamh ag stát an chalafoirt de réir mar a chuirtear ceanglais chigireachta nua leis, le dlí an Aontais nó tríd an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta. Is gá, dá bhrí sin, uas-sciliú agus athoiliúint na n-oifigeach um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt a áirithiú agus a n-oiliúint a fhorbairt go leanúnach.
- (15) (scriosta)
- (16) Chun cur i bhfeidhm cothrom le dáta fhorálacha na Treorach seo a éascú chun go bhféadfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Treoir, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na Coinbhinsiúin a thabhairt cothrom le dáta faoi raon feidhme Threoir 2009/16/CE agus i dtaca le leasú a dhéanamh ar liosta na nósanna imeachta agus na dtreoirlínte a bhaineann le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt arna nglacadh ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos san Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁸. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

⁸ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (17) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme fhorálacha Threoir 2009/16/CE a bhaineann le liosta na gCoinbhinsiún laistigh dá raon feidhme agus na ceanglais maidir le deimhnithe leictreonacha, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.
- (18) (scriosta)
- (19) I bhfianaise thimthriall faireacháin iomlán chuairteanna na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) ar Bhallstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2009/16/CE, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2009/16/CE tráth nach déanaí ná [10 mbliana i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm na Treorach dá dtagraítear in Airteagal XX)] agus tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis sin. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú don mheastóireacht sin.
- (20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach mar gheall ar chineál idirnáisiúnta an iompair mhuirí, ach gur fearr, de bharr éifeachtaí gréasáin na mBallstát agus iad ag gníomhú le chéile, a bheifí ábalta iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (20a) Mura ndéantar cigireacht mar gheall ar imthosca urghnácha gan choinne, mar shampla tubaistí nádúrtha, paindéimí nó éigeandálaí sláinte poiblí, ionsaithe sceimhlitheoireachta, coinbhleachtaí saothair, níor cheart í a áireamh mar chigireacht a cailleadh. Ba cheart údar cuí a thabhairt leis na himthosca sin agus iad a thuairisciú don Choimisiún.

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(20b) Chun nach gcuirfí ualach díréireach riaracháin ar Bhallstáit thalamhiata, ba cheart a cheadú do na Ballstáit sin, trí riail *de minimis*, maolú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach seo, rud a fhágann nach bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit sin an Treoir seo a thrasuí, fad agus go gcomhlíonann siad critéir áirithe.

(21) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/16/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/16/CE

Leasaítear Treoir 2009/16/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(l) an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long (Coinbhinsiún BWM);

(m) Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Nairobi maidir le hÁrthaí Raice a Bhaint (Coinbhinsiún Nairobi);

(n) Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Hong Cong maidir le hAthchúrsáil Long ar Bhealach Sábháilte agus Neamhdhíobhálach don Chomhshaol 2009 (Coinbhinsiún Hong Cong).’;

(aa) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, agus Prótacal 1978 a bhaineann leis sin (Marpol 73/78);

(ab) i bpointe (1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978, arna leasú;’;

(b) scriostar pointe 3;

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

‘8. ciallaíonn “cigire” fostaí de chuid na hearnála poiblí, nó duine eile, a bhfuil údarú cuí aige ó údarás inniúil Ballstáit cigireachtaí a dhéanamh um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt, agus a bhfuil freagracht aige don údarás inniúil sin.’;

(bc) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘8a. ciallaíonn ‘cigireacht’ fíorú foriomlán ar bhail na loinge, a trealamh agus a foirne bunaithe ar na Coinbhinsiúin is infheidhme agus arna déanamh ag cigire. Ní suirbhé í an chigireacht chun deimhnithe reachtúla a eisiúint, a fhormhuiniú nó a athnuachan agus ní deimhniú í an tuarascáil chigireachta a sholáthraítear don chaptaen.’;

(bd) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11:

‘11. ciallaíonn ‘cigireacht tosaigh’ cigireacht ar bord loinge arna déanamh ag cigire, lena n-áirítear ar a laghad na seiceálacha a cheanglaítear le hAirteagal 13(1).’;

(be) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12:

‘12. ciallaíonn ‘cigireacht níos mionsonraí’ cigireacht, lena n-áirítear raon feidhme cigireacht tosaigh, lena gcuirtear an long agus a trealamh agus a criú ina iomláine nó, de réir mar is iomchuí, cuid díobh sin, sna himthosca a shonraítear in Airteagal 13(3), faoi scrúdú domhain lena n-áirítear scrúdú ar dhéanmhas na loinge, ar a trealamh, ar a criú, ar na dálaí maireachtála agus saothair a bhaineann léi agus ar an méid a chomhlíontar nósanna imeachta a ghabhann le hoibríochtaí a dhéantar ar bord loinge.’

(bf) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 13:

‘13. ciallaíonn ‘cigireacht mhéadaithe’ cigireacht lena n-áirítear raon feidhme na cigireachta tosaigh, a chumhdaíonn ar a laghad na míreanna sin a liostaítear in Iarscríbhinn VII. Féadfaidh cigireacht níos mionsonraí a bheith mar chuid den chigireacht mhéadaithe má bhíonn forais shoiléire leis sin i gcomhréir le hAirteagal 13(3).’;

(bg) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 19:

‘19. ciallaíonn ‘deimhniú reachtúil’ deimhniú arna eisiúint ag stát brataí nó thar a cheann i gcomhréir leis na coinbhinsiúin is infheidhme.’;

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘Agus iad ag déanamh cigireachta ar long atá faoi bhratach Stáit nach bhfuil ina pháirtí i gCoinbhinsiún le clásal ‘deireadh le cóireáil fhabhrach’, áiritheoidh na Ballstáit nach gcaitear ar dhóigh níos fabhraí leis an long sin, ná lena criú, ná mar a chaitear le long atá faoi bhratach Stáit atá ina pháirtí sa Choinbhinsiún sin. Beidh long dá leithéid sin faoi réir cigireacht níos mionsonraí i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Meabhrán Comhthuisceana Pháras.’;

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Eisiafar ó raon feidhme na Treorach seo soithí iascaireachta atá níos lú ná 24 mhéadar ar fad, longa cogaidh, árthaí cúnta cabhlaigh, longa adhmaid den seandéanamh, longa rialtais a úsáidtear chun críoch neamhthráchtála agus luaimh phléisiúir nach bhfuil i mbun trádála. Chun críocha na treorach seo, déanfar fad soithigh iascaireachta a shainiú i gcomhréir le Comhaontú Cape Town 2012’;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4a. Féadfaidh na Ballstáit cigireachtaí um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt a dhéanamh ar shoithí iascaireachta atá 24 mhéadar ar fad nó níos mó. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar le Meabhrán Comhthuisceana Pháras, treoirlínte a ghlacadh lena mbunófar módúlachtaí an chórais chomhthreomhair ar leith sin um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt le haghaidh na soithí iascaireachta sin.’;

(3) in Airteagal 5, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘2a. Maidir le cigireachtaí ar longa arna ndéanamh ag na Ballstáit a sháraíonn a ngealltanais cigireachta bliantúil 20 % , ní chuirfear san áireamh iad nuair a bheidh gealltanais cigireachta bliantúla na mBallstát is páirtithe i Meabhrán Comhthuisceana Pháras á ríomh.’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

‘Airteagal 6

Módúlachtaí comhlíonta gealltanais cigireachta

Ballstát a dteipfidh air na cigireachtaí a cheanglaítear le hAirteagal 5(2)(a) a chur i gcrích, mar sin féin beidh a ghealltanais i gcomhréir leis an bhforáil sin más amhlaidh nach ngabhann an líon cigireachtaí a d’fhág sé gan déanamh thar 10 % de líon iomlán na long faoi Thosaíocht I a thugann cuairt ar a chalafoirt agus ar a ancaireachtaí, gan beann ar a bpróifíl riosca.

D’ainneoin na gcéatadán cigireachtaí a chailltear dá dtagraítear sa chéad mhír, tabharfaidh na Ballstáit tús áite do chigireacht a dhéanamh ar longa arb annamh, de réir na faisnéise sa bhunachar sonraí cigireachta, a gcuaire ar chalafoirt laistigh den Aontas.

D’ainneoin na gcéatadán cigireachtaí a chailltear dá dtagraítear sa chéad mhír, i gcás longa a thugann cuairt ar ancaireachtaí, tabharfaidh na Ballstáit tús áite do chigireacht a dhéanamh ar longa a bhfuil próifíl ardriosca acu, arb annamh, de réir na faisnéise sa bhunachar sonraí cigireachta, a gcuaire ar chalafoirt laistigh den Aontas.’;

(5) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil agus in ionad mhír 1:

‘Módúlachtaí lena ndéantar an sciar cigireachta laistigh den Aontas a roinnt go cothrom

1. Maidir le Ballstát ina dtéann an líon iomlán cuairteanna ó longa faoi Thosaíocht I thar an sciar cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b), measfar go bhfuil an gealltanas sin comhlíonta aige, má bhíonn an líon cigireachtaí a rinne an Ballstát sin comhfhreagrach, ar a laghad, leis an sciar cigireachta sin agus más amhlaidh nár chaill an Ballstát sin níos mó ná 40 % den líon iomlán de na longa faoi Thosaíocht I a thugann cuairt ar a chuid calafort nó ancaireachtaí’;

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ballstát ina bhfuil an líon iomlán cuairteanna ó longa faoi Thosaíocht I agus longa faoi Thosaíocht II níos lú ná 150 % den sciar cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b), measfar, mar sin féin, go mbeidh a ghealltanas cigireachta bliantúil comhlíonta aige, má dhéanann an Ballstát sin cigireachtaí ar dhá thrían de na longa faoi Thosaíocht I agus II de líon iomlán na long faoi Thosaíocht I agus II a thugann cuairt ar a chuid calafort agus ancaireachtaí.’;

(6) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3 agus cuirtear dhá mhír nua leis:

‘1. Féadfaidh Ballstát a chinneadh go gcuirfí cigireacht ar long faoi Thosaíocht I nó faoi Thosaíocht II ar fionraí, sna dálaí seo a leanas:

- (a) más féidir an chigireacht a dhéanamh le linn aon chuairt eile a thabharfaidh an long ar an mBallstát céanna ina dhiaidh sin, ar choinníoll nach dtugann an long cuairt ar aon chalafoirt eile san Aontas ná i réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras idir an dá linn, cé is moite d’aon chalafoirt de chuid an stát brataí; agus ar choinníoll nach faide an cur siar ná 15 lá ón am imeachta iarbhír; nó
- (b) más féidir an chigireacht a dhéanamh i gcalafoirt cuarda eile laistigh den Aontas nó de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras laistigh de 15 lá ón am imeachta iarbhír, ar choinníoll gur chomhaontaigh an Ballstát ina bhfuil calafort mar sin, roimh ré, an chigireacht a dhéanamh, nó

- (c) más féidir an chigireacht ar long, lena n-áirítear longa paisinéirí róró nó ártai paisinéirí ardluais a oibrítear i ngnáthsheirbhís, a dhéanamh sa chalafoirt cuarda céanna laistigh de 15 lá ón am imeachta iarbhir.
2. I gcás nach ndéantar cigireacht ar longa faoi Tosaíocht I nó faoi Thosaíocht II, ar chúiseanna oibríochtúla, ní áireofar é sin mar chigireacht a cailleadh, ar choinníoll go ndéantar an chúis a bhí leis an gcigireacht a chailleadh a thaifead sa bhunachar sonraí cigireachta agus gurb ann do na dálaí eisceachtúla seo a leanas:
- (a) is é breithiúnas an údaráis inniúil, dá dtéití i mbun na cigireachta go dtiocfadh de sin riosca do shábháilteacht na gcigirí, na loinge, an chriú nó riosca don chalafoirt nó don timpeallacht mhuirí; nó
- (b) gur san oíche amháin a thugann an long an chuairt dá bhforáiltear in Airteagal 2(9). Sa chás sin, déanfaidh na Ballstáit pé bearta is gá lena áirithiú go ndéanfar cigireacht, mar is iomchuí, ar longa ar san oíche is gnách iad a theacht chun an chalafoirt; nó
- (c) tá fad na cuairte a thugann an long róghearr chun an chigireacht a dhéanamh go sásúil;
3. I gcás nach ndéantar cigireacht ar long ar ancaire, ní áireofar é sin mar chigireacht a cailleadh más rud é:
- (a) go ndéantar cigireacht, i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ar an long i gcalafoirt nó in ancaireacht eile laistigh den Chomhphobal nó de réigiún Mheabhhrán Comhthuisceana Pháras laistigh de 15 lá; nó
- (b) gur san oíche amháin a thugann an long a cuairt agus go bhfuil fad na cuairte sin róghearr le go bhféadfaí an chigireacht a chur i gcrích go sásúil, agus go ndéantar an chúis a bhí leis an gcigireacht a chailleadh a thaifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta; nó
- (c) gurb é breithiúnas an údaráis inniúil, dá ndéanfaí an chigireacht, go gcruthófaí riosca do shábháilteacht na gcigirí, na loinge, an chriú nó riosca don chalafoirt nó don timpeallacht mhuirí, agus go ndéantar a chur ar taifead sa bhunachar sonraí cigireachta an chúis a bhí leis an gcigireacht a chailliúint; nó

4. Mura ndéantar cigireacht mar gheall ar chúinsí urghnácha gan choinne, ní áireofar í mar chigireacht a cailleadh agus déanfar an chúis ar cailleadh an chigireacht a thaifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta. Tabharfar údar cuí leis na himthosca sin agus tuairisceofar iad don Choimisiún.
5. Cigireachtaí a chuirtear siar i gcomhréir le míreanna 1, 2, 3 nó 4 agus a thaifeadtar sa bhunachar sonraí cigireachta, ní áireofar iad sa mheasúnú a dhéanfar ar an ngealltanas cigireachta dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 a bheith á chomhlíonadh ag Ballstát.’;

(7) (scriosta)

(8) Scriostar Airteagal 9;

(9) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Is mar a leanas a chinnfear próifíl riosca do long meascán de pharaiméadair riosca chineálacha, stairiúla agus chomhshaoil:

(a) Paraiméadair chineálacha

Bunófar na paraiméadair chineálacha ar an gcineál, ar an aois, ar an mbratach, ar an eagraíocht aitheanta i gceist agus ar fheidhmíocht na cuideachta i gcomhréir le Cuid I.1 d’Iarscríbhinn I agus le hIarscríbhinn II.

(b) Paraiméadair stairiúla

Bunófar na paraiméadair stairiúla ar líon na n-easnamh agus na gcoinneálacha le linn tréimhse áirithe i gcomhréir le Cuid I.2 d’Iarscríbhinn I agus le hIarscríbhinn II.

(c) Paraiméadair chomhshaoil

Beidh na paraiméadair chomhshaoil bunaithe ar líon na n-easnamh a bhaineann le MARPOL, AFS, Coinbhinsiún BWM, CLC 92, an Coinbhinsiún um Ola Umair, Coinbhinsiún Nairobi agus Coinbhinsiún Hong Cong i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Cuid I.3 agus Iarscríbhinn II, agus an forais le haghaidh coinneála iad na heasnaimh sin.’;

(9a) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Tabharfar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún modheolaíocht a chur chun feidhme, modheolaíocht lena dtabharfar san áireamh paraiméadair riosca chineálacha a bhaineann, go háirithe, le critéir i dtaca leis an Stát brataí agus le critéir a bhaineann le feidhmíocht na gcuideachtaí arna nglacadh ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras in 2019 lenar bunaíodh liostaí ardfeidhmíochta, gnáthfeidhmíochta agus ísealfheidhmíochta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(3).’;

(9b) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad litir (c) de mhír 1:

‘(c) go mbeidh sé sásta le riocht iomlán na loinge, lena n-áirítear sláinteachas na loinge, agus go háirithe riocht an tseomra innill agus riocht na cóiríochta.’;

(9c) In Airteagal 13, scriostar mír 2.

(10) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tá na catagóirí long seo a leanas incháilithe le haghaidh cigireacht mhéadaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Cuid II, 3A agus 3B:

— longa lena ngabhann próifíl riosca ard,

— longa paisinéirí, tancaeir ola, tancaeir gháis nó ceimiceán, nó bulc-iompróirí, is sine ná 12 bhliain,

— longa lena ngabhann próifíl riosca ard nó longa paisinéirí, tancaeir ola, tancaeir gháis nó ceimiceán nó bulc-iompróirí, is sine ná 12 bhliain, i gcásanna ina bhfuil fachtóirí forcheannasacha nó fachtóirí gan choinne ann,

— longa atá faoi réir cigireachta tar éis ordú um dhiúltú rochtana arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 21.4.’;

(ab) scriostar mír 3;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Beirt oifigeach an rialaithe arna dhéanamh ag stát an chalafoirt ar a laghad, a mhéid is féidir, a dhéanfaidh cigireacht mhéadaithe. Leagtar amach in Iarscríbhinn VII raon feidhme na cigireachta méadaithe, lena n-áirítear na réimsí riosca nach foláir a chumhdach sa chigireacht sin. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta mionsonraithe chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hIarscríbhinn VII a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).’;

(11) Leasaítear Airteagal 14a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 11, pointe (a) ná Airteagal 14 maidir le longa paisinéirí róró agus le hárthaí paisinéirí ardluais ar sheirbhís rialta a ndéantar cigireacht orthu faoin Airteagal seo.’

(b) cuirtear mír nua isteach:

‘4a. Áiritheoidh oibreoir nó máistir na loinge go gcuirfear dóthain ama ar fáil sa sceideal oibriúcháin le go bhféadfar na cigireachtaí dá bhforáiltear i gCodanna 1.1 agus 2.a d’Iarscríbhinn XVII a dhéanamh.’;

(12) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Diúltóidh Ballstát rochtain a thabhairt ar a chalafoirt agus ar a ancaireachtaí d’aon long:

- ar a bhfuil bratach aon Stáit ar foluain atá ar liosta ísealfheidhmíochta, arna ghlacadh i gcomhréir le Meabhrán Comhthuisceana Pháras ar bhonn na faisnéise arna taifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta agus arna foilsiú ag an gCoimisiún go bliantúil, agus a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná dhá uair laistigh de na 36 mhí roimhe sin i gcalafort nó in ancaireacht de chuid Ballstáit nó de chuid Stát is sínitheoir i Meabhrán Comhthuisceana Pháras, nó
- a bhfuil bratach Stáit ar foluain acu, ar stát é atá ar liosta ardfeidhmíochta nó gnáthfeidhmíochta, arna ghlacadh i gcomhréir le Meabhrán Comhthuisceana Pháras ar bhonn na faisnéise arna taifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta agus arna foilsiú ag an gCoimisiún go bliantúil, agus a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná dhá uair laistigh de na 24 mhí roimhe sin i gcalafort nó in ancaireacht de chuid Ballstáit nó de chuid Stát is sínitheoir i Meabhrán Comhthuisceana Pháras.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den Airteagal seo maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 21(6).

Beidh an diúltú rochtana infheidhme a luaithe a fhágfaidh an long an calafort nó an ancaireacht ina raibh sí faoi réir coinneála don tríú huair agus ina ndearnadh ordú um dhiúltú rochtana a eisiúint.’;

(aa) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní chuirfear deireadh leis an ordú um dhiúltú rochtana go dtí go mbeidh 3 mhí caite ó dháta eisiúna an ordaithe agus go dtí go sásófar na coinníollacha i míreanna 3 go 6 d’Iarscríbhinn VIII.’

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Má choinnítear long ina dhiaidh sin i gcalafort nó ar ancaireacht de chuid Ballstáit nó de chuid Stát is sínitheoir i Meabhrán Comhthuisceana Pháras, beidh de thoradh air sin go ndiúltófar rochtain don long ar aon chalafort agus ar aon ancaireacht laistigh den Aontas. Féadfar an tríú hordú sin um dhiúltú rochtana a chur i leataobh nuair a bheidh tréimhse 24 mhí caite ó dháta eisiúna an ordaithe, ach é sin ar choinníoll:

- (-a) go bhfuil ar foluain ag an long bratach Stáit nach bhfuil a ráta coinneála ar an liosta ísealfheidhmíochta ná ar an liosta gnáthfheidhmíochta dá dtagraítear i mír 1,
- (a) gur eagraíocht nó eagraíochtaí arna n-aithint faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ a eisiónn deimhnithe reachtúla agus aicmiúcháin de chuid na loinge,
- (b) go bhfuil an long á bainistiú ag cuideachta a mbaineann ardfheidhmíocht léi i gcomhréir le Cuid I.1 d’Iarscríbhinn I, agus
- (c) go gcomhlíontar na coinníollacha atá liostaithe i míreanna 3 go 6 d’Iarscríbhinn VIII.

Aon long nach mbeidh ag comhlíonadh na gcritéar a shonraítear sa mhír seo tar éis tréimhse 24 mhí ó dháta eisiúna an ordaithe, diúltófar rochtain dóibh choíche ar gach calafort agus gach ancaireacht laistigh den Aontas.’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Má choinnítear soitheach ina dhiaidh sin a mbeidh bratach Stáit ar foluain aige agus atá ar an liosta gnáthfheidhmíochta nó ar an liosta ísealfheidhmíochta, mar a fhoilsítear i dtuarascáil bhliantúil Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, i gcalafort nó ancaireacht laistigh den Aontas i ndiaidh an tríú diúltú rochtana, beidh de thoradh air sin go ndiúltófar rochtain ar bhonn buan don long ar aon chalafort agus ar aon ancaireacht laistigh den Aontas.’

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d’eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11.)’;

(d) Cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘4a. Maidir le long a bhfuil bratach de chuid Stáit, atá ar an liosta ardheidhmíochta, ar foluain aici agus atá faoi choinneáil i gcalafort nó in ancaireacht de chuid an Aontais tráth a ndéanfar an chéad chigireacht uirthi san Aontas tar éis an tríú diúltú rochtana nó tar éis aon diúltú rochtana ina dhiaidh sin:

a) diúltófar rochtain ar aon chalafort nó ar aon ancaireacht de chuid an Aontais ar feadh tréimhse 24 mhí, má eisíonn eagraíocht nó eagraíochtaí a aithnítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 deimhnithe reachtúla agus deimhnithe aicmiúcháin na loinge;

b) diúltófar rochtain ar bhonn buan don long ar aon chalafort nó ar aon ancaireacht de chuid an Aontais mura n-eisíonn eagraíocht nó eagraíochtaí a aithnítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 deimhnithe reachtúla nó deimhnithe aicmiúcháin na loinge.

4b. Cuirfear síneadh 12 mhí le tréimhsí um dhiúltú rochtana i gcás coinneálacha iolracha i gcás ina mbeidh feidhm ag beart um dhiúltú rochtana i gcomhréir le hAirteagal 21.4.’;

(12a) In Airteagal 17, leasaítear an chéad fhomhír mar seo a leanas:

‘Ar chríochnú cigireachta, tarraingeadh an cigire suas tuarascáil i gcomhréir le hIarscríbhinn IX. Tabharfar cóip den tuarascáil chigireachta sin do mháistir na loinge.’;

(12b) In Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh ceart achomhairc ag úinéir nó oibreoir loinge, nó ag an ionadaí atá acu sa Bhallstát, in aghaidh aon ordú coinneála nó aon ordú um dhiúltú rochtana a eiseoidh an t-údarás inniúil. Ní bheidh achomharc ina shiocair le coinneáil nó diúltú rochtana a chur ar fionraí.’;

(13) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go ndiúltófar rochtain ar gach calafort agus ar gach ancaireacht laistigh den Aontas do na longa dá dtagraítear i mír 1 a ghabhfaidh chun farraige agus do na longa dá dtagraítear in Airteagal 19.2 a ghabhfaidh chun farraige:

- (a) gan na coinníollacha sin a chomhlíonadh a chinn údarás inniúil aon Bhallstáit i gcalafort na cigireachta; nó
- (b) nach gcomhlíonann ceanglais infheidhme na gCoinbhinsiún toisc nach dtugann cuairt ar an gclós deisiúcháin a sonraíodh.

Cuirfear deireadh leis an ordú um dhiúltú rochtana i ndiaidh tréimhse 12 mhí a bheith caite agus nuair a chomhlíonfar na coinníollacha i míreanna 3 go 6 d’Iarscríbhinn VIII. Beidh feidhm ag an ordú um dhiúltú rochtana ón dáta a eiseofar é.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír de mhír 5:

‘Sna himthosca dá dtagraítear i mír 4(b), cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an clós deisiúcháin suite in iúl d’údarás an Bhallstáit a choinneáil an long ar tháinig an long isteach nó nár tháinig. Nuair a thagann údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuarthas amach go raibh an long lochtach ar an eolas nár thug an long cuairt ar chlós deisiúcháin, cuirfidh sé údaráis inniúla na mBallstát eile go léir ar an eolas láithreach.

Sna himthosca dá dtagraítear i mír 4(b) agus mura bhfuil an clós deisiúcháin i mBallstát, nuair a thagann údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuarthas amach go raibh an long lochtach ar an eolas nár thug an long cuairt ar chlós deisiúcháin, tabharfaidh sé foláireamh láithreach d’údaráis inniúla na mBallstát eile go léir.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘De mhaolú ar fhorálacha mhír 4, féadfaidh údarás ábhartha an Stáit calafoirt sin rochtain ar chalafort nó ar ancaireacht ar leith a cheadú i gcás *force majeure* nó cúinsí forcheannasacha sábháilteachta, nó chun an baol truaillithe a mhaolú nó a íoslaghdú nó chun easnaimh a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 21(1), ar an gcoinníoll go mbeidh bearta leordhóthanacha curtha chun feidhme ag an úinéir, ag an oibreoir nó ag an máistir loinge chun sástacht údaráis inniúil an Bhallstáit sin chun dul isteach sábháilte a áirithiú.’;

(14) In Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. I gcomhar leis na Ballstáit agus bunaithe ar an saineolas agus ar an taithí a fuarthas ar leibhéal na mBallstát san Aontas agus faoi Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, féadfaidh an Coimisiún treoir agus moltaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar Bheartas Oiliúna Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus le Meabhrán Comhthuisceana Pháras, riachtanais oiliúna nua a shainaithint agus a sholáthar ar bhonn leanúnach mar ionchur chun curaclaim Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, siollabais agus ábhar an chláir forbartha gairmiúla agus oiliúna do chigirí a leasú, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí nua agus maidir leis na hoibleagáidí breise a eascraíonn as na hionstraimí ábhartha’;

(15) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir le faisnéis faoi am teachta iarbhír agus am imeachta iarbhír aon loinge a thugann cuairt ar chalafoirt nó ar ancaireachtaí, maille le faisnéis aitheantais an chalafoirt sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí chun a áirithiú go n-aistreofar an fhaisnéis sin, laistigh de thrí uair an chloig ón am teachta agus am imeachta faoi seach, chuig an bunachar sonraí cigireachta trí bhíthin chóras an Aontais um malartú faisnéise muirí, SafeSeaNet, dá dtagraítear in Airteagal 3 pointe (s) de Threoir 2002/59/CE. A luaithe agus a bheidh faisnéis dá leithéid sin aistrithe ag na Ballstáit go dtí an bunachar sonraí cigireachta trí bhíthin SafeSeaNet, bíonn díolúine acu ó fhaisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le pointí 1.2 agus 2(a) agus (b) d’Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Treoir seo.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Áiritheoidh na Ballstáit, i dtaca leis an bhfaisnéis a bhaineann leis na cigireachtaí a dhéantar i gcomhréir leis an Treoir seo, go n-aistreofar an fhaisnéis sin go dtí an bunachar sonraí cigireachta chomh luath agus a chríochnófar an tuarascáil um chigireacht nó a chuirfear an t-ordú coinneála i leataobh.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis a aistreofar chuig an mbunachar sonraí cigireachta a bhailíochtú laistigh de 72 uair an chloig chun críocha a foilsithe. Déanfaidh cigire an rialaithe arna dhéanamh ag stát an chalafoirt nó fostaí eile de chuid an údaráis inniúil, arna údarú go cuí, nach raibh mar chuid den fhoireann a rinne an chigireacht é an tuarascáil iniúchta a bhailíochtú, a mhéid is féidir, sula n-aistreofar chuig an mbunachar sonraí í.’;

(16) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 24a

Deimhnithe leictreonacha

1. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla do chomhéadan comhchuibhithe maidir le tuairisciú agus d’uirlis bhailíochtaithe le haghaidh deimhnithe reachtúla leictreonacha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).
2. Maidir le Ballstáit, ina bhfeidhm mar stáit bhrataí, a roghnaíonn úsáid a bhaint as an gcomhéadan comhchuibhithe maidir le tuairisciú agus as an uirlis bhailíochtaithe le haghaidh deimhnithe reachtúla leictreonacha, féadfaidh siad é sin a dhéanamh chun an t-aistriú chuig deimhnithe leictreonacha a éascú.
3. (scriosta)
4. (scriosta)

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

'Airteagal 25

Faisnéis a mhalartú agus oibriú i gcomhar

Áiritheoidh gach Ballstát go gcuirfidh a chuid údarás calafort nó a chuid comhlachtaí calafoirt, agus aon údarás nó comhlacht ábhartha eile dá chuid, na cineálacha faisnéise seo a leanas atá ina seilbh ar fáil don údarás inniúil um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt:

- (a) faisnéis maidir le longa ar theip orthu aon fhaisnéis a thabhairt de réir cheanglais na Treorach seo, Threoir 2002/59/CE agus Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, agus, más iomchuí, de réir Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafort a fheabhsú,
- (b) faisnéis i dtaobh longa a chuir chun farraige gan Airteagal 7 de Threoir (AE) 2019/883 maidir le saoráidí glactha calafoirt a bheith comhlíonta acu,
- (c) faisnéis i dtaobh longa ar diúltaíodh cead dul isteach dóibh nó a díbríodh amach as calafort ar chúiseanna slándála,
- (d) faisnéis i dtaobh aimhrialtachtaí dealraitheacha i gcomhréir le hAirteagal 23.’;

¹¹ Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).’

- (18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

‘Airteagal 30

Faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ag na Ballstáit agus ar a bhfeidhmíocht

Chun a áirithiú go gcuirfear an Treoir seo chun feidhme go héifeachtach agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú ginearálta chóras an Aontais i dtaca leis an rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt i gcomhréir le hAirteagal 2(b) pointe (i) de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá agus tabharfaidh sé cuairteanna ar na Ballstáit.

D’fhéadfadh gach Ballstát córas bainistithe cáilíochta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil do chodanna oibríochtúla ghníomhaíochtaí a riaracháin a bhaineann le Stát an chalafoirt. Deimhneofar an córas bainistíochta cáilíochta sin i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta idirnáisiúnta is infheidhme.’;

- (19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30a:

‘Airteagal 30a

Gníomhartha tarmligthe

Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30b, chun Airteagal 2(1) a leasú chun liosta na gCoinbhinsiún a leagtar amach in Airteagal 2(1) a leasú a luaith a ghlacfaidh Meabhrán Comhthuisceana Pháras na Coinbhinsiúin sin mar ionstraim ábhartha agus chun Iarscríbhinn VI a leasú chun liosta na nósanna imeachta, na gcinntithe agus na dtreoirlínte a bhaineann le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt a ghlac Meabhrán Comhthuisceana Pháras a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a chur leis agus/nó a thabhairt cothrom le dáta.’

(20) (scriosta)

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33:

‘Airteagal 33

Rialacha cur chun feidhme

Agus iad ag leagan síos na rialacha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 10(3), 14(4), 15(3), 18a(7), 23(5) agus in Airteagal 27 i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 31(2), déanfaidh an Coimisiún cúram ar leith de chun a áirithiú go dtabharfar san áireamh sna rialacha sin, an saineolas agus an taithí a fuarthas trí bhíthin an chórais cigireachta atá san Aontas agus é sin de réir an tsaineolais a fuarthas faoi réir Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.’;

(22) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 35:

‘Airteagal 35

Athbhreithniú ar chur chun feidhme

Faoin *[OF: Cuir isteach dáta: 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]* cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh na Treorach seo.’;

(23) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

(24) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn II.

(25) Scriostar Iarscríbhinn III.

(26) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn IV.

(27) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn V.

- (28) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn VIII.
- (28a) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn XII.

Airteagal 2

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a ghlacadh agus a fhoilsiú, faoin
[OF: Cuir isteach dáta: 4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]: na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo, a ghlacfaidh siad, a chur in iúl don Choimisiún.
3. Ballstáit nach bhfuil aon chalafort acu agus atá in ann a fhíorú, i dtaca leis an líon iomlán soithí aonair a thug cuairt ar a gcuid calafort abhann gach bliain le linn na tréimhse 3 bliana roimhe sin, gur lú ná 5 % den líon iomlán sin an líon ar longa iad a thagann faoin Treoir seo, féadfaidh na Ballstáit sin maolú a dhéanamh ar thrasuí na treorach seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an 20^ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

‘I. Próifil Riosca loinge

Cinnfear próifil riosca loinge de réir meascán de na bparaiméadar cineálach, stairiúil agus comhshaoil seo a leanas:

1. Paraiméadair chineálacha**(a) Cineál loinge**

Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa paisinéirí, tancaeir ola, agus ceimiceán, iompróirí gáis, tancaeir a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord agus bulc-iompróirí.

(b) Aois na loinge

Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa níos sine ná 12 bhliain.

(c) Feidhmíocht an Stáit brataí

(i) Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a bhfuil bratach Stáit ar foluain acu a bhfuil ráta coinneála ard aige laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

(ii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a bhfuil bratach Stáit ar foluain acu a bhfuil ráta coinneála íseal aige laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

(iii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil le longa atá faoi bhratach Stáit a dhaingnigh na hionstraimí éigeantacha IMO agus EIS a liostaítear in Airteagal 2(1).

(d) Eagraíochtaí aitheanta

(i) Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a bhfuil deimhnithe faighte acu ó eagraíochtaí aitheanta a mbaineann leibhéal íseal nó an-íseal feidhmíochta leo i dtaca lena rátaí coinneála laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

- (ii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a bhfuil deimhnithe faighte acu ó eagraíochtaí aitheanta a mbaineann leibhéal ard feidhmíochta leo i dtaca lena rátaí coinneála laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.
- (iii) Longa a bhfuil deimhnithe faighte acu ó eagraíochtaí a aithnítear faoi théarmaí Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.
- (e) Feidhmíocht na gcuideachtaí
 - (i) Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa de chuid cuideachta a mbaineann leibhéal íseal nó an-íseal feidhmíochta léi, leibhéal a cinneadh de réir uireasaí a cuid long agus de réir a cuid rátaí coinneála laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.
 - (ii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil le longa de chuid cuideachta a mbaineann leibhéal ard feidhmíochta léi, leibhéal a cinneadh de réir easnamh a cuid long agus de réir a cuid rátaí coinneála laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

2. Paraiméadair stairiúla

- (i) Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná aon uair amháin.
- (ii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a bhfuarthas, le linn cigireachtaí a rinneadh orthu sa tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, gur lú easnamh a bhain leo ná an líon easnamh dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.
- (iii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil le longa nár cuireadh faoi choinneáil le linn na tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.

Chun na próifílí riosca loinge sin a leanas a chinneadh, déanfar na paraiméadair riosca a chur i dtoll a chéile trí bhíthin tosca ualúcháin lena dtabharfar san áireamh an tionchar coibhneasta a bhíonn ag gach paraiméadar ar leith ar an riosca comhiomlán a ghabhann leis an long:

- riosca ard,
- gnáthriosca,
- riosca íseal.

Agus na próifílí riosca sin á gcinneadh, tabharfar breis tábhachta do na paraiméadair a bhaineann le cineál na loinge, feidhmíocht an Stáit brataí, eagraíochtaí aitheanta agus feidhmíocht na cuideachta.

3. Paraiméadair chomhshaoil

Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa lena bhfuarthas, le linn cigireacht nó cigireachtaí a rinneadh orthu sa tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, gur mó easnaimh a bhain leo ná an líon easnamh a bhaineann le MARPOL, AFS, Coinbhinsiún BWM, CLC 92, an Coinbhinsiún um Ola Umair agus Coinbhinsiún Nairobi agus Hong Cong dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, agus tá ar a laghad ceann amháin de na heasnaimh sin ina chúis choinneála.

II. Cigireacht a dhéanamh ar longa

1. Cigireachtaí tréimhsiúla

Déanfar cigireachtaí tréimhsiúla de réir eatraimh réamhshocraithe. Cinnfear a minicíocht de réir phróifíl riosca na loinge. An t-eatramh idir cigireachtaí tréimhsiúla a dhéantar ar longa lena ngabhann riosca ard, ní rachaidh sé thar 6 mhí. An t-eatramh idir cigireachtaí tréimhsiúla a dhéantar ar longa lena mbaineann próifílí riosca eile, rachaidh sé i bhfaide de réir mar is ísle an riosca.

Déanfaidh na Ballstáit cigireacht thréimhsiúil orthu seo a leanas:

- Aon long lena mbaineann próifíl riosca ard nach ndearnadh aon chigireacht uirthi i gcalafort ná in acarsóid laistigh den Chomhphobal ná de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras le 6 mhí. Longa lena ngabhann riosca ard, bíonn siad incháilithe le haghaidh cigireachta ón 5^ú mí amach.
- Aon long lena mbaineann gnáthphróifíl riosca nach ndearnadh cigireacht uirthi i gcalafort ná in acarsóid laistigh den Chomhphobal nó de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras le 12 mhí. Longa lena ngabhann gnáthriosca, bíonn siad incháilithe le haghaidh cigireachta ón 10^ú mí amach.
- Aon long lena mbaineann próifíl riosca íseal nach ndearnadh cigireacht uirthi i gcalafort ná in acarsóid laistigh den Chomhphobal nó de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras le 36 mhí. Longa lena ngabhann riosca íseal, bíonn siad incháilithe le haghaidh cigireachta ón 24^ú mí amach.

2. Cigireachtaí breise

Longa lena mbaineann na fachtóirí forcheannasacha nó gan choinne seo a leanas, beidh siad faoi réir cigireacht a dhéanamh orthu gan beann ar fhad an ama ó rinneadh an chigireacht dheireanach orthu. Mar sin féin, fágfar faoi bhreithiúnas gairmiúil an chigire é a chinneadh an gá tabhairt faoi chigireacht bhreise i gcás fachtóirí gan choinne.

2A. Fachtóirí forcheannasacha

Longa lena mbaineann na fachtóirí forcheannasacha seo a leanas, déanfar cigireacht orthu gan beann ar fhad na tréimhse ó rinneadh an chigireacht thréimhsiúil dheireanach orthu:

- Longa atá ar fionraí nó aistarraingthe amach as an aicme lena mbaineann siad, ar chúiseanna maidir le sábháilteacht, ó rinneadh an chigireacht dheireanach orthu laistigh den Chomhphobal nó de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.
- Longa a bhí ina n-ábhar do thuairisc nó d'fhógra ó Bhallstát eile.
- Longa nach féidir a sonraí aitheantais a aimsiú sa bhunachar sonraí cigireachta.
- Longa:
 - ar bhain imbhualladh dóibh, a chuaigh ar talamh, nó a fágadh ar talamh tirim agus iad ar a mbealach chun calafoirt,
 - ar líomhnaíodh ina leith gur sháraigh siad na forálacha maidir le scaoileadh amach substaintí nó eisilteach díobhálach, nó
 - a rinne ionramháil ar bhealach guagach nó neamhshábháilte a d'fhág nár cloíodh le bearta maidir le slite loingsithe, a ghlac IMO, nó le cleachtais agus nósanna imeachta sábháilte loingseoireachta, nó
 - longa a cuireadh toirmeasc orthu roimhe sin (déanfar an chéad chigireacht eile tar éis deireadh a chur leis an ordú um dhiúltú rochtana), nó
 - go raibh baint acu le teagmhas tromchúiseach, go háirithe mórdhóiteán ar bord, cliseadh innill agus timpistí marfacha.

2.B. Fachtóirí gan choinne

Longa lena mbaineann na fachtóirí gan choinne seo a leanas, déanfar cigireacht orthu gan beann ar fhad na tréimhse ó rinneadh an chigireacht thréimhsiúil dheireanach orthu. Fágfar an cinneadh maidir lena leithéid sin de chigireacht bhreise a dhéanamh, nó gan a dhéanamh, faoi bhreithiúnas gairmiúil an údaráis inniúil:

- Longa a bhfuil deimhnithe ar bord a d'eisigh eagraíochtaí a raibh aitheantas acu ar baineadh díobh an t-aitheantas sin ón uair a rinneadh an chigireacht dheireanach laistigh den Chomhphobal nó de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.
- Longa a ndearna píolótaí, údaráis nó comhlachtaí calafoirt a thuairisciú ina dtaobh, i gcomhréir le hAirteagal 23 den Treoir seo, go raibh aimhrialtachtaí dealraitheacha ag baint leo arbh fhéidir go ndéanfaidís dochar do sheoladh sábháilte na loinge nó arbh fhéidir go dtiocfadh dá ndeasca baol díobhála don timpeallacht mhuirí agus bhféadfaí a áireamh ann eolas ó Sheirbhís um Thrácht Árthaí ar loingseoireacht longa.
- Longa nár chomhlíon leis na ceanglais ábhartha maidir le fógra a thabhairt dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2019/883/CE.
- Longa a bhí ina n-ábhar tuairisce nó gearáin, lena n-áirítear gearán ar tír, a rinne máistir, ball criú, nó aon duine nó eagraíocht a bhfuil spéis dhlisteanach aige in oibríocht shábháilte na loinge, nó sna dálaí maireachtála agus oibre ar bord, nó i gcosc an truaillithe, ach amháin i gcás ina measann an Ballstát lena mbaineann gur follas an tuairisc nó an gearán a bheith gan bhunús.
- Longa a thuairiscíodh le heasnamh ISM atá fós gan réiteach (3 mhí tar éis an t-easnamh a eisiúint).
- Longa a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná 3 mhí roimhe sin cheana.
- Longa ar thuairiscíodh ina dtaobh go raibh fadhbanna ag baint lena lasta, go háirithe i gcás lastaí d'ábhar díobhálach nó contúirteach.
- Longa a rinneadh a oibriú ar mhodh a chruthaigh contúirt do dhaoine, maoin nó comhshaol.
- Longa a bhfuarthas faisnéis ina dtaobh, ó fhoinsé iontaofa, a thug le fios nach ionann paraiméadair riosca na loinge agus na paraiméadair a cuireadh ar taifead, agus gurb airde arís, dá réir sin, an leibhéal riosca a bhaineann leo.
- Longa ar aontaíodh ina leith plean gníomhaíochta chun easnaimh dá dtagraítear in Airteagal 19(2a) a chur ina gceart, ach nach bhfuil cigireacht déanta fós ag an gcigire chun féachaint ar cuireadh an plean sin chun feidhme.

3. Scéim roghnúcháin

3A. Déanfar cigireacht ar longa Tosaíocht I mar a leanas:

(a) Déanfar cigireacht mhéadaithe orthu seo a leanas:

- aon long ag a bhfuil próifíl riosca ard nach ndearnadh cigireacht uirthi le 6 mhí,
- aon long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán, nó aon bhulc-iompróir, atá níos sine ná 12 bhliain, ag a bhfuil gnáthphróifíl riosca, nach ndearnadh cigireacht uirthi ná air le 12 mhí.

(b) Déanfar cigireacht tosaigh nó cigireacht níos mionsonraithe, de réir mar is iomchuí, orthu seo a leanas:

- aon long nach long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán ná bulc-iompróir í, atá níos sine ná 12 bhliain, ag a bhfuil gnáthphróifíl riosca, nach ndearnadh cigireacht uirthi le 12 mhí.

(c) I gcás fachtóirí forcheannasacha.

- Déanfar cigireacht níos mionsonraithe nó cigireacht mhéadaithe, ag brath ar bhreithiúnas gairmiúil an chigire, ar aon long ag a bhfuil próifíl riosca ard agus ar long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán nó bulc-iompróir, atá níos sine ná 12 bhliain.
- Déanfar cigireacht níos mionsonraithe ar aon long seachas long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán, nó bulc-iompróir, atá níos sine ná 12 bhliain.
- Déanfar cigireacht mhéadaithe ar aon long sa chéad chigireacht tar éis deireadh a chur leis an ordú um dhiúltú rochtana

3B. I gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil cigireacht a dhéanamh ar long Tosaíocht II, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) Déanfar cigireacht mhéadaithe orthu seo a leanas:

- aon long ag a bhfuil próifil riosca ard nach ndearnadh cigireacht uirthi le 5 mhí,
- aon long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán, nó bulc-iompróir, atá níos sine ná 12 bhliain, ag a bhfuil gnáthphróifil riosca, nach ndearnadh cigireacht uirthi nó air le 10 mí, nó
- aon long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán, nó bulc-iompróir, atá níos sine ná 12 bhliain, ag a bhfuil próifil riosca íseal, nach ndearnadh cigireacht uirthi nó air le 24 mhí.

(b) Déanfar cigireacht tosaigh nó cigireacht níos mionsonraithe, de réir mar is iomchuí, orthu seo a leanas:

- aon long nach long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán ná bulc-iompróir í, atá níos sine ná 12 bhliain, ag a bhfuil gnáthphróifil riosca, nach ndearnadh cigireacht uirthi le 10 mí, nó
- aon long nach long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán, ná bulc-iompróir í, atá níos sine ná 12 bhliain, ag a bhfuil próifil riosca íseal, nach ndearnadh cigireacht uirthi le 24 mhí.

(c) I gcás fachtóir gan choinne:

- déanfar cigireacht níos mionsonraithe nó cigireacht mhéadaithe, ag brath ar bhreithiúnas gairmiúil an chigire, ar na longa uile ag a bhfuil próifil riosca ard nó aon long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán nó bulc-iompróir, atá níos sine ná 12 bhliain,
- déanfar cigireacht níos mionsonraithe ar aon long seachas long paisinéirí, tancaer ola, tancaer gáis, tancaer a bhfuil substaintí leachtacha díobhálacha ar bord nó tancaer ceimiceán, nó bulc-iompróir, atá níos sine ná 12 bhliain.

DEARADH PHRÓIFÍL RIOSCA NA LONG

(dá dtagraítear in Airteagal 10(2))

				Próifil				
				Long Ardriosca (LAR)		Long Gnáthriosca (LGR)	Long Ísealriosca (LÍR)	
Paraiméadair chineálacha				Critéir	Pointí ualaithe	Critéir	Critéir	
1	Cineál loinge			Iompróir gáis tancaeir ceimiceán Tancaer ola Bulciompróra loinge paisinéirí SLU	1	ní long ardriosca ná long ísealriosca í	Gach cineál	
2	Aois na loinge			gach cineál > 12 bhliain	1		Gach aois	
3a	Bratach	Feidhmíocht íseal			2		Ardfheidhmíocht	
3b		Daingníodh na hionstraimí IMO/ILO go léir a liostaítear in Airteagal 2		-	-		Fíor	
3c		(scriosta)		(scriosta)				
4a	Eagraíocht aitheanta	Feidhmíocht	A	-	-		Ard	
			M	-	-		-	
			Í	Íseal	1		-	
			Aí	An-íseal			-	
4b		Aitheanta ag an Aontas		-	-		Fíor	
5	Cuideachta	Feidhmíocht	A	-	-		Ard	
			M	-	-		-	
			Í	Íseal	2		-	
			Aí	An-íseal			-	
Paraiméadair stairiúla								
6	An líon easnamh a cuireadh ar taifead le linn gach cigireacht ar leith laistigh de 36 mhí roimhe sin	Easnamh	>6 i gceann de na cigireachtaí	-			≤ 5 i ngach cigireacht aonair (agus cigireacht amháin, ar a laghad, arna déanamh roimhe sin) 36 mhí)	

7	Líon na gcoinneálacha le 36 mhí anuas	Coinneálacha	≥ 2 choinneáil	1	Níor cuireadh faoi choinneáil ar chor ar bith
Paraiméadair chomhshaoil					
8	(scriosta)	(scriosta)	(scriosta)	(scriosta)	
9	An líon easnamh a bhaineann le Coinbhinsiún MARPOL, AFS, BWM, CLC 92, an Coinbhinsiún um Ola Umair, agus Coinbhinsiún Nairobi agus Coinbhinsiún Hong Cong a cuireadh ar taifead le linn gach cigireacht le 36 mhí anuas	Easnamh	>3 i gceann de na cigireachtaí, a bheith ar cheann de na forais le haghaidh coinneála	1	

LAR iad na longa ar cothrom le 5 phointe ualúcháin, nó níos mó sin, a luach iomlán. LÍR iad na longa a chloíonn le critéir uile na bParaiméadar Riosca Íseal.

LGR iad na longa nach longa LAR ná LÍR iad

‘Iarscríbhinn IV**LIOSTA DE DHEIMHNITHE AGUS DE DHOICIMÉID****(dá dtagraítear in Airteagal 13(1))**

Liosta Chuid A de na deimhnithe agus de na doiciméid ar cheart, a mhéid is infheidhme, iad a sheiceáil ar a laghad le linn na cigireachta dá dtagraítear i mír 2.2.3 (de réir mar is iomchuí):

1. Deimhniú Idirnáisiúnta um Thonnáiste;
2. Na tuarascálacha ar chigireachtaí um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt roimhe seo;
3. Deimhniú Sábháilteachta Loinge Paisinéirí (SOLAS 1974, rialachán I/12);
4. Deimhniú Sábháilteachta um Dhéanmhas Lastloinge (SOLAS 1974, rialachán I/12);
5. Deimhniú Sábháilteachta um Threalamh Lastloinge (SOLAS 1974, rialachán I/12);
6. Deimhniú Sábháilteachta um Raidió Lastloinge (SOLAS 1974, rialachán I/12);
7. Deimhniú Sábháilteachta Lastloinge (SOLAS 1974, rialachán I/12);
8. Deimhniú Díolúine (SOLAS 1974, rialachán I/12);
9. Doiciméad um Fhoirniú Sábháilte Íosta (SOLAS 1974, rialachán V/14.2);
10. Deimhniú Ualachlíne Idirnáisiúnta (1966) (LLC 66/88, airteagal 16.1);
11. Deimhniú Díolúine Ualachlíne Idirnáisiúnta (LLC 66/88, airteagal 16.2);
12. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú le hOla (MARPOL Iarscríbhinn I, rialachán 7.1);
13. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú i dtaca le Substaintí Leachtacha Díobhálacha a Iompar ina mBulc (NLS) (MARPOL, Iarscríbhinn II, rialachán 9.1);
14. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú le Camras (ISPPC) (MARPOL, Iarscríbhinn IV, rialachán 5.1, MEPC.1/Circ.408);
15. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú le hOla (IAPPC) (MARPOL, Iarscríbhinn VI, rialachán 6.1);
16. Deimhniú Idirnáisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (MARPOL, Iarscríbhinn VI rialachán 6);
17. Deimhniú Idirnáisiúnta um Bainistiú Uisce Ballasta (IBWMC) (BWMC Airteagal 9.1(a) agus rialachán E-2);
18. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chórais Frithsmálaithe (Deimhniú IAFS) (AFS 2001 Iarscríbhinn 4 rialachán 2);
19. Dearbhú maidir le AFS (AFS 2001 Iarscríbhinn 4 rialachán 5);
20. Deimhniú Idirnáisiúnta um Shlándáil Long (ISSC) nó Deimhniú Eatramhach Idirnáisiúnta um Shlándáil Long (Cód ISPS cuid A/19 agus foscscríbhinní);
21. Deimhnithe le haghaidh máistrí, oifigeach nó rátálacha arna n-eisiúint i gcomhréir le Coinbhinsiún STCW (airteagal STCW VI, rialachán I/2 agus Cód STCW cuid A-I/2);
22. Cóip den Doiciméad Comhlíontachta nó cóip den Doiciméad Eatramhach Comhlíontachta arna eisiúint i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc (DoC) Cód ISM (SOLAS rialachán IX/4.2, Cód ISM, mír 13 agus 14);

23. Deimhniú Bainistithe Sábháilteachta nó Deimhniú Eatramhach Bainistithe Sábháilteachta arna eisiúint i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc (SMC) (SOLAS 1974, rialachán IX/4.3, Cód ISM, mír 13 agus 14);
24. Deimhniú Idirnáisiúnta um Oiriúnacht le haghaidh Gáis Leachtaithe a Iompar ina mBulc, nó an Deimhniú um Oiriúnacht le haghaidh Gáis Leachtaithe a Iompar ina mBulc, cibé acu is iomchuí (Cód IGC rialachán 1.5.4 nó Cód GC rialachán 1.6);
25. Deimhniú Idirnáisiúnta um Oiriúnacht le haghaidh Ceimiceáin Chontúirteacha a Iompar ina mBulc, nó an Deimhniú um Oiriúnacht le haghaidh Ceimiceáin Chontúirteacha a Iompar ina mBulc, cibé acu is iomchuí (Cód IBC rialachán 1.45.4 agus Cód BCH rialachán 1.6.3); 26 INF (Cód Idirnáisiúnta um Iompar Sábháilte Breosla Núicléach Ionradaithe Pacáistithe, Plútóiniam agus Dramhaíolacha Radaighníomhach Ardleibhéil ar Bord Long) Deimhniú Oiriúnachta (SOLAS rialachán VII/16 agus Cód INF rialachán .1.3);
26. INF (Cód Idirnáisiúnta um Iompar Sábháilte Breosla Núicléach Ionradaithe Pacáistithe, Plútóiniam agus Dramhaíolacha Radaighníomhach Ardleibhéil ar Bord Long) Deimhniú Oiriúnachta (SOLAS rialachán VII/16 agus Cód INF rialachán .1.3);
27. Deimhniú árachais, nó aon urrús airgeadais eile, i dtaca le dliteanas sibhialta i leith damáiste de dheasca truailliú le hola (CLC 69/92, airteagal VII.2);
28. Deimhniú árachais, nó aon urrús airgeadais eile, i dtaca le dliteanas sibhialta i dtaca le damáiste de dheasca truailliú le hola umair (BUNKERS 2001 airteagal 7.2);
29. Deimhniú Árachais nó Slándála Airgeadais eile i leith Dliteanais maidir le Árthaí Raice a Bhaint (Árthaí Raice a Bhaint Airteagal 12);
30. Deimhniú Sábháilteachta Árthaí Ardluais agus Cead chun Árthaí Ardluais a Oibriú (SOLAS 1974, rialachán X/3.2 agus Cód HSC 94/00 rialacháin 1.8.1 agus 1.9);
31. Doiciméad comhlíontachta i dtaca leis na ceanglais speisialta a leagtar ar longa a iompraíonn earraí contúirteacha (SOLAS 1974, rialachán II-2/19.4);
32. Doiciméad údarúcháin maidir le gráin a iompar agus lámhleabhar um luchtú grán (SOLAS 1974, rialachán VI/9; Cód Idirnáisiúnta um Iompar Sábháilte Grán i mBulc, cuid 3);
33. Ráiteas Comhlíonta um an Scéim um Bailmheasúnú (CAS), Tuarascáil Deiridh agus Taifead Athbhreithnithe CAS (MARPOL Iarscríbhinn I, rialacháin 20 agus 21; rún MEPC.94(46), arna leasú le rún MEPC.99 (48), MEPC.112 (50), MEPC.131(53), rún MEPC.155(55), agus MEPC.236(65);
34. Taifead Achoimre Leanúnach (SOLAS 1974, rialachán XI-1/5);
35. Leabhar Taifid Ola, cuid I agus cuid II (MARPOL, Iarscríbhinn I, rialacháin 17 agus 36);
36. Leabhar Taifid Lasta (MARPOL, Iarscríbhinn II, rialachán 15);
37. Leabhar Taifid Bruscair, cuid I agus cuid II (MARPOL, Iarscríbhinn V, rialachán 10.3); (MARPOL, Iarscríbhinn V, rialachán 10);
38. Plean Bainistithe Dramhaíola (MARPOL, Iarscríbhinn V, rialachán 10; rún MEPC.220 (63));
39. Logleabhar agus taifeadtaí ar leibhéal agus staid air/as inneall díosail mhuirí (Marpol, Iarscríbhinn VI, rialachán 13.5.3);
40. Logleabhar le haghaidh athrú ola breosla (Marpol Iarscríbhinn VI, rialachán 14.6);
41. Leabhar Taifid Substaintí Ídithe Ózóin (Marpol, Iarscríbhinn VI, rialachán 12.6);
42. Leabhar Taifid Uisce Ballasta (BWRB) (BWMC Airteagal 9.1 (b) agus rialachán B-2);
43. Córais fosaithe múchta dóiteáin gáis – Deimhniú Díolúine um spásanna lasta agus aon liosta lastaí (SOLAS 1974, rialachán II-2/10.7.1.4);

44. Lastliosta d'Earraí Contúirteacha nó plean stuála (SOLAS 1974, rialacháin VII/4 agus VII/7-2; MARPOL, Iarscríbhinn III, rialachán 54);
45. I gcás tancaeir ola, taifead, ón muiristear ballasta deireanach den chóras faireacháin agus rialála le haghaidh eisfhearadh ola (Marpol, Iarscríbhinn I, rialachán 31.2);
46. Plean comhair um Chuardach agus Tarrtháil le haghaidh longa paisinéirí a bhíonn i mbun trádála ar bhealaí seasta (SOLAS 1974, rialachán V/7.3);
47. I gcás longa paisinéirí, Liosta na dteorainneacha oibríochtúla (SOLAS 1974, rialachán V/30.2);
48. Cairteacha loingseoireachta agus foilseacháin mhuirí (SOLAS 1974, rialacháin V/19.2.1.4 agus V/27);
49. Taifid d'uairanta sosa agus tábla de na socrúithe oibre ar bord loinge (Cód STCW cuid A-VIII/1.5 agus 1.7, Coinbhinsiún ILP Uimh.180, airteagal 5.7, airteagal 8.1 agus MLC, Caighdeán 2006 A.2.3.10 agus A.2.3.12);
50. Fianaise ar spásanna innealra neamhfhreastalaithe (UMS) (SOLAS 1974, rialachán II-I/46.3);
51. Deimhnithe a cheanglaítear le Treoir 2009/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hárachas a bheith ag úinéirí loinge i leith éilimh mhuirí;
52. Deimhnithe a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuir i gcás timpistí;
53. Deimhniú maidir le fardal na n-ábhar guaiseach nó ráiteas maidir le comhlíonadh de réir mar is infheidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; agus
54. Doiciméad Comhlíontachta arna eisiúint faoi réir Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE.

‘IARSCRÍBHINN VI

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE LONGA A RIALÚ

(dá dtagraítear in Airteagal 15(1))

Iarscríbhinn I, ‘Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt’, a ghabhann le Meabhrán Comhthuisceana Pháras agus na teoracha teicniúla agus na ciorcláin uile arna n-eisiúint ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras atá i bhfeidhm, sa leagan díobh atá cothrom le dáta:

Teoracha teicniúla PSCC

- PSCC41-2008-07 Cód Dea-chleachtais
- PSCC53-2020-08 Sainmhínithe agus Giorrúcháin

Meabhrán Ginearálta Comhthuisceana Pháras

- PSCC54-2021-03 Cineál cigireachta
- PSCC56/2023/06 Coinneáil agus Beart a Rinneadh
- PSCC56/2023/04 Foirmeacha samplacha
- PSCC52-2019-05 Rialú oibríochtúil
- PSS43-2010-11 Díolúintí an Stáit Brataí
- PSCC51/2018/13 Stop a chur le hoibríocht
- PSCC49-2016-11 Tástáil lándorchaithe
- PSCC53-2020-06 Diúltú Rochtana (Toirmeasc)
- PSCC50-2017-12 Olliompróirí/tancaeir ola struchtúir
- PSCC43-2010-06 Duga Tirim
- PSCC53-2020-11 Cead a thabhairt faoi choinne turas amháin chuig clós deisiúcháin d'easnamh ‘damáiste de thaisme’

Coinbhinsiún SOLAS

- PSCC56/2023/05 Cód ISM
- PSCC54-2021-02 Cód ISPS
- PSCC51-2018-12 ECDIS
- PSCC43-2010-32 VDR (Taifeadáin Dátaí Turas)
- PSCC43-2010-09 Bileoga Sonraí Sábháilteachta Ábhar
- PSCC43-2010-21 GMDSS
- PSCC44-2011-16 Crúcaí scaoilte lóid Báid Tarrthála
- PSCC45-2012-10 Cobhsaíocht damáiste ar thancaeir
- PSCC55-2022-05 LRIT
- PSCC43-2010-28 Tomhais tiúis ESP/CAS
- PSCC43-2010-29 Tomhas tiúis
- PSCC51-2018-11 Cód Polach
- PSCC55-2022-02 Cód IGF

an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL)

- PSCC46-2013-18 MARPOL Iarscríbhinn I OWS
- PSCC43-2010-39 MARPOL Iarscríbhinn II Stialladh
- PSCC47-2014-08 MARPOL Iarscríbhinn III IMDG
- PSCC55-2022-07 MARPOL Iarscríbhinn IV Camras
- PSCC52-2019-07 MARPOL Iarscríbhinn V Dramhaíl
- PSCC56/2023/07 MARPOL Iarscríbhinn VI Truailliú Aeir
- PSCC43-2010-38 Níochán amhola
- PSCC44-2011-20 MARPOL Imscrúdú

An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Ualach-líne

- PSCC54-2021-06 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Ualach-líne

Coinbhinsiún AFS

- PSCC47-2014-13 Córais Frithsmálaithe

An Coinbhinsiún um Ola Umair

- Coinbhinsiúin PSCC56/2023/02 a bhaineann le Dliteanas Airgeadais

Deimhniú Maraithe agus Foirnithe

- PSCC56/2023/08 Deimhniú Maraithe agus Foirnithe (STCW, MLC agus SOLAS)

An Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta

- PSCC51-2018-09 An Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta

Coinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair

- PSCC52-2019-10 An Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006 (MLC)
- PSCC53-2020-14 Uaireanta Oibre nó Scíthe agus oiriúnacht le haghaidh dualgais'

‘IARSCRÍBHINN VIII**FORÁLACHA I dTACA LE ROCHTAIN AR CHALAFOIRT AGUS AR ANCAIREACHTAÍ
LAISTIGH DEN CHOMHPHOBAL A DHIÚLTÚ**

(dá dtagraítear in Airteagal 16 agus in Airteagal 21.4)

- (2) Má chomhlíontar na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 16(1), cuirfidh údarás inniúil an chalafoirt sin ina gcuirfear an long faoi choinneáil den tríú huair máistir na loinge ar an eolas i scríbhinn go n-eiseofar ordú um dhiúltú rochtana a thiocfaidh i bhfeidhm díreach tar éis imeacht na loinge as an gcalafort. Tiocfaidh an t-ordú um dhiúltú rochtana i bhfeidhm díreach tar éis imeacht na loinge as an gcalafort tar éis na heasnaimh as ar tháinig an choinneáil a leigheas.
- (3) Cuirfidh an t-údarás inniúil cóip den ordú um dhiúltú rochtana chuig córas riaracháin an Stáit brataí, chuig an eagraíocht aitheanta i gceist, chuig na Ballstáit eile, agus chuig sínitheoirí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, chuig an gCoimisiún agus chuig Rúnaíocht Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Tabharfaidh an t-údarás inniúil an bunachar sonraí cigireachtaí cothrom le dáta, gan aon mhoill, leis an bhfaisnéis faoin diúltú rochtana.
- (4) Chun a iarraidh go gcuirfí ar ceal an t-ordú um dhiúltú rochtana, ní mór don úinéir nó don oibreoir iarraidh fhoirmiúil a chur chuig údarás inniúil an Bhallstáit a d’fhorchuir an t-ordú um dhiúltú rochtana. Ní mór doiciméad a bheith ag gabháil leis an iarraidh sin, doiciméad ó chóras riaracháin an Stáit brataí a eisíodh tar éis cuairt ar bord ag suirbhéir arna chuí-údarú ag córas riaracháin an Stáit brataí, ar doiciméad é lena léirítear go gcomhlíonann an long forálacha ábhartha na gCoinbhinsiún go hiomlán. Soláthróidh córas riaracháin an Stáit brataí fianaise don údarás inniúil gur tugadh cuairt ar bord. Féadfaidh an doiciméad a bheith ina ráiteas oifigiúil, nach mór don bhrat-riarachán a eisiúint seachas eagraíocht aitheanta.
- (5) Nuair is iomchuí, ní mór doiciméad eile a bheith ag gabháil leis an iarraidh maidir leis an ordú um dhiúltú rochtana a chur ar ceal, eadhon doiciméad ón gcumann aicmiúcháin a rinne aicmiú ar an long tar éis cuairt ar bord ag suirbhéir an chumainn aicmiúcháin, ar doiciméad é lena léirítear go gcomhlánaíonn an long caighdeáin aicme arna leagan síos ag an gcumann sin go hiomlán. Soláthróidh an cumann aicmiúcháin fianaise don údarás inniúil gur tugadh cuairt ar bord.
- (6) Ní fhéadfar an t-ordú um dhiúltú rochtana a chur ar ceal ach amháin nuair a bheidh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 16 den Treoir seo imithe thart agus ní mór don chuideachta iarraidh fhoirmiúil a chur chuig údarás Stáit calafoirt an Bhallstáit a d’fhorchuir an toirmeasc agus na doiciméid a iarradh i mír 3 agus i mír 4 a sholáthar.

- (7) Ní mór an iarraidh sin, lena n-áirítear na doiciméid riachtanacha, a chur faoi bhráid an Stáit a bhfuil an toirmeasc á fhorchur aige mí amháin ar a laghad roimh dheireadh na tréimhse toirmisc. Mura gcomhlíontar an spriocdháta sin, d'fhéadfadh moill suas le mí amháin a bheith i gceist i ndiaidh don Stát a bhfuil an toirmeasc á fhorchur aige an iarraidh a fháil.
- (8) Leis an gcóras faisnéise cuirfear toisc sháraitheach leis an long agus léireofar go bhfuil an long faoi dhliteanas i leith an chineáil cigireachta 'Cigireacht mhéadaithe' ag an gcéad chuairt eile ar chalafort/ancaireacht sa réigiún.
- (9) Chomh maith leis sin, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn faoina chinneadh do chóras riaracháin an Stáit brataí, don chumann aicmiúcháin i gceist, do na Ballstáit eile, do shíniitheoirí eile Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, don Choimisiún agus do Rúnaíocht Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Ní mór don údarás inniúil, freisin, an bunachar sonraí cigireachta a nuashonrú, agus faisnéis faoi chur ar cheal an ordaithe um dhiúltú rochtana a chur leis an mbunachar gan aon mhoill.
- (10) Faisnéis faoi longa ar diúltaíodh rochtain dóibh ar chalafoirt laistigh den Chomhphobal, ní mór í a chur ar fáil sa bhunachar sonraí cigireachta agus í a fhoilsiú i gcomhréir le forálacha Airteagal 26 agus Iarscríbhinn XIII.'

‘IARSCRÍBHINN XII

FEIDHMIÚLACHTAÍ AN BHUNACHAIR SONRAÍ CIGIREACHTA

(dá dtagraítear in Airteagal 24.1)

- (1) Beidh na feidhmiúlachtaí seo a leanas, ar a laghad, ag an mbunachar sonraí cigireachta:
- sonraí cigireachta a ionchorprú, is é sin na sonraí ó na Ballstáit agus ó shínitheoirí uile Mheabhrán Comhthuisceana Pháras,
 - sonraí a tháirgeadh ar phróifíl riosca na long agus ar longa a bhfuil cigireacht le déanamh orthu roimh i bhfad,
 - na gealltanais chigireachta a ríomh in aghaidh gach Ballstáit,
 - Liosta ardfheidhmíochta, chomh maith le liosta gnáthfheidhmíochta agus liosta ísealfheidhmíochta na Stát brataí a tháirgeadh, iad sin dá dtagraítear in Airteagal 16(1),
 - sonraí a tháirgeadh ar fheidhmíocht na gcuideachtaí,
 - na hítimí sna réimsí riosca a shainaithint atá le seiceáil sna cigireachtaí ar leith.
- (2) Beidh an acmhainn sa bhunachar sonraí cigireachta dul in oiriúint d’fhorbairtí amach anseo agus beidh an acmhainn ann gabháil i gcomhéadan le bunachair sábháilteachta muirí eile de chuid an Chomhphobail, lena n-áirítear SafeSeaNet, ina gcuirtear ar fáil sonraí ar na cuairteanna iarbhir a thabharfaidh longa ar chalafoirt na mBallstát agus a chuireann, i gcásanna inarb iomchuí, na sonraí sin ar fáil do chórais faisnéise náisiúnta ábhartha.
- (3) Cuirfear hipearnasc domhain ar fáil a nascfaidh an bunachar sonraí cigireachta leis an gcóras faisnéise Equasis. Tabharfaidh na Ballstáit spreagadh a bheidh dírithe ar thabhairt ar na cigirí tagairt do na bunachair sonraí phríobháideacha agus phoiblí a bhaineann leis an gcigireacht ar longa agus a bhfuil rochtain orthu trí bhíthin Equasis.’